St. Catherine of Alexandria

[McKenna, L.:*Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 99]

1 Réalta [an] chruinne Caitir fhíona
fhóireas Gréagaigh,
fóiridh forgla clann gach chóigidh
ann ar éagaibh.

2 Caitir fhíona inghean [chasda]
craobh na buaidhe,
gnúis mar bhlath na habhla úire
abhra [uaine].

3 Abhra uaine ag inghin [Gréigríogh]
nar ghabh guidhe
[a-táid] i ndath a gruadh gile
’s snuadh na suibhe.

4 Snuadh na suibhe [is] samhradh gréine
’n-a gruaidh chorcra,
iomdha glún as a fréimh feactha
’n-a céibh choptha.

5 Ar deilbh corrshúl Caitreach-fíona
nír chinn Gréigbhean,
súil chorr nachar fhéagh ar óigfhear
béal donn déidgheal.

6 Gnúis mar abhaill, ucht mar eala
ógh nar truailleadh,
nír ghile clúimh ná a bas bháingheal
súil ghlas ghruaidhgheal.

7 Ní fhaghaim óigh ar a gruaidhse
gan a guidhe
go síntear brat ar mo bhuile
ó Mhac Muire.

8 Brighid Éireann agus Alban
ógh na n-oiléan
is í blath braoingheal na mbanóg
caoilthreabh [coiréal].

9 Athrachta fhóireas na Luighnigh
lór a déine
is í an bhanóg bhoinnfhionn Bhúille
coinneall chéire.

10 Ciarán caoimhfhionn, Colam Cille
caomh an fhoireann
Pádraig, Martain, Mongan, Manann
Coman, Coireall.

11 An Tríonóid, mórMhuire is Míchéal
macradh gréine
aoinmhíle déag banógh mBúille
glanógh gléire. Re.